

Cur síos

Is cúrsa cuimsitheach agus ilghnéitheach é an cúrsa seo, a bhfuil iarracht mhór déanta againn freastal ar gach gné de leibhéal A1. Cuireadh éagsúlacht raon cumais na bhfoghlaimoirí san áireamh agus an t-ábhar á chur le chéile. Tuigtear, go hairithe ag an leibhéal seo, go bhfuil gach saghas foghlaimora ag leibhéal A1: idir bhréagthosaitheoirí (a bhfuil cur amach éigin ag na foghlaimoirí ar an teanga) agus fhíorthosaitheoirí (níl aon staidéar foirmeálta déanta ar an teanga acu); agus idir Éireannaigh agus eachtrannaigh.


Rinneadh cinneadh, dá bharr sin, réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus de cheachtanna a chur ar fáil. Tá meascán maith de ghníomhaíochtaí labhartha, léitheoireachta, scríbhneoireachta, foghraíochta, éisteachta agus gramadaí. Féach ar an eochair thíos chun treoir a fháil faoin ábhar atá ar fáil.

Is gá a thuiscint áfach, **nach cúrsa ann féin é an cúrsa seo**. Tá na ghníomhaíochtaí ar fad bunaithe ar shiollabas A1, ach ní mholtar gach gníomhaíocht a dhéanamh ceann amháin i ndiaidh an chinn eile. B'fhéarr i bhfad an suíomh a úsáid mar **shiopa**, áit a bhfuil a lán gníomhaíochtaí ar fáil faoi gach topaic. Ach, cosúil le siopa ar bith, ní oirfidh a bhfuil ann do gach duine - ní oirfidh gach gníomhaíocht atá ar fáil do gach múinteoir nó do gach foghlaimoir. Beidh ar gach múinteoir a bhaineann úsáid as an ábhar, cumas a fhoghlaimora nó cumas a ranga a mheas agus na ghníomhaíochtaí a roghnú dá réir sin. É sin ráite áfach, ar nós aon chúrsa teanga, caithfidh cothromaíocht a bheith i gceist i gcónaí - ba cheart go gclúdófaí gach gné den teanga sa chúrsa – an labhairt, an scríbhneoireacht, an léitheoireacht, an fhoghraíocht, an ghramadach agus an éisteacht.

Tá an t-ábhar bunaithe ar ghnéithe den saol comhaimseartha agus rinne muid ár ndícheall gníomhaíochtaí spreagúla agus ábhartha a chur ar fáil. Tá súil againn go mbainfidh múinteoirí agus foghlaimoirí araon spraoi agus tairbhe astu.

An Eochair

1. Gluaiseacht na Topaice: Seo léarscáil na topaice, mar a déarfá. Liostálann sé na ghníomhaíochtaí atá mar chuid den topaic, cé chomh deacair is atá siad agus cathain a mholtar iad a úsáid.



2. Na doiciméid PowerPoint: Tá na doiciméid ann mar thacaíocht bhreise sa seomra ranga. Is féidir iad a úsáid:

- ✓ chun stór focal nó gnéithe den teanga a mhúineadh don rang;
- ✓ mar réamhullmhúchán do ghníomhaíochtaí;
- ✓ chun tacú le gníomhaíocht áirithe
- ✓ chun bileog a chur i láthair na bhfoghlaimoirí in áit cóipeanna a dhéanamh.

Tá treoracha soiléire le gach gníomhaíocht le léiriú conas agus cathain na doiciméid *PowerPoint* a úsáid.

3. Dialann an fhoghlaimora: Cuirtear béim sa chúrsa ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhfoghlaim fhéinriartha i gcónaí, agus tugann an dialann seo deis eile don fhoghlaimoir a thuras foghlama féin a cheistiú agus a phlé. Moltar an bhileog seo a scaipeadh ar na foghlaimoirí tar éis gach topaice agus seans a thabhairt dóibh a dtuairimí a léiriú. Is féidir na tuairimí a phlé leis an rang ina iomláine, nó is féidir tamall a chaitheamh le gach foghlaimoir ina aonar.

4. An Phróifíl Fhíorúil: Is gníomhaíocht bhreise í an phróifíl chun dul siar a dhéanamh ar ar fhoghlaim na foghlaimoirí le linn na topaice. Arís eile, tá iarracht déanta againn a bhfoghlaimíonn na foghlaimoirí a chur i gcomhthéacs an tsaoil laethúil. Tar éis gach topaice beidh siad in ann níos mó dá gcuid sonraí pearsanta a líonadh isteach sa phróifíl. Ní ceacht scríofa *agus/nó* labhartha amháin é áfach, feicfidh na foghlaimoirí an dul chun cinn atá déanta acu agus cuirfidh sé sin leis an bhféinmhuinín agus ní féidir beag a dhéanamh de thábhacht na féinmhuiníne i bhfoghlaim teanga.

Moltar cóip ghlan den phróifíl a scaipeadh ar na foghlaimoirí ag tús an chúrsa agus an coincheap atá taobh thiar di a mhíniú go soiléir. Cuirfidh na foghlaimoirí leis an bpróifíl tar éis gach topaice. Tá sampla den phróifíl mar chuid de gach topaic.

5. Na Treoracha: Tá na treoracha bunaithe ar na treoracha a théann le gach topaic sa siollabas. Tugann siad léargas iomlán ar na haidhmeanna agus ar na spriocanna ar cheart a bhaint amach i ngach gach topaic.